Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2024
(OR. en)

9624/24

LIMITE

CORLX 477
CFSP/PESC 688
COEST 286
FIN 425

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES[1].

(2) Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go neamhbhalbh an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú ag an Rúis leis na gníomhaíochtaí mídhleathacha míleata atá ar siúl aici agus go bhfuil dochar á dhéanamh aici do shlándáil agus cobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. D'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí pacáiste smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha breise a ullmhú agus a ghlacadh mar ábhar práinne. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Rúis agus ar na foirmíochtaí armtha a fhaigheann tacaíocht ón Rúis éirí as an bhfeachtas bréagaisnéise atá ar bun acu.

(3) Sna conclúidí uaithi an 10 Bealtaine 2021, chuir an Chomhairle i dtreis gur gá athléimneacht an Aontais agus na mBallstát a neartú tuilleadh chomh maith lena gcumas chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis, agus é á áirithiú go mbainfear úsáid chomhordaithe chomhtháite as uirlisí atá ann cheana agus as uirlisí nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, agus freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i réimse na mbagairtí hibrideacha, lena n-áirítear, *inter alia*, freagairtí ar chur isteach eachtrach agus oibríochtaí tionchair, agus d'fhéadfaí bearta coisctheacha a chumhdach leis na freagairtí sin chomh maith le costais a fhorchur ar ghníomhaithe naimhdeacha stáit agus neamhstáit.

---

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).



PUBLIC

(4) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas go huile is go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus leis an gceart bunúsach atá aici í féin a chosaint ar fhogha na Rúise. D'iarr sí freisin go ndéanfaí tuilleadh chun cumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach a lagú, lena n-áirítear trí smachtbhannaí a threisiú.

(5) Thug Cónaidhm na Rúise faoi fheachtas córasach idirnáisiúnta ina ndearnadh ionramháil ar na meáin agus inar saobhadh fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe i leith a tíortha comharsanacha, agus i leith an Aontais agus a Bhallstáit. Go háirithe, díríodh an bholscaireacht go leanúnach ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha arís agus arís eile, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, agus díríodh ar an tsochaí shibhialta, ar iarrthóirí tearmainn, ar mhionlaigh eitneacha na Rúise, ar mhionlaigh inscne, agus ar fheidhmiú na n-institiúidí daonlathacha san Aontas agus ina Bhallstáit.

(6) Chun údar agus tacaíocht a thabhairt don fhogha a thug sí faoin Úcráin, thug Cónaidhm na Rúise faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta leanúnacha comhbheartaithe dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas agus ar thíortha comharsanacha, rud a dhéanann fíricí a shaobhadh agus a ionramháil go mór.

(7) Rinneadh na gníomhaíochtaí bolscaireachta sin a sheoladh trí roinnt eagraíochtaí meán faoi bhuanrialú díreach nó indíreach cheannaireacht Chónaidhm na Rúise. Is bagairt shuntasach, dhíreach iad gníomhaíochtaí den sórt sin ar ord poiblí agus ar shlándáil an Aontais. Tá na heagraíochtaí meán sin ríthábhachtach agus tá ról lárnach acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do dhíchobhsú na dtíortha comharsanacha.



PUBLIC

(8) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, is gá, i gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise, mar a aithnítear in Airteagal 11 di, gníomhaíochtaí craoltóireachta, arna ndéanamh san Aontas nó arna ndíriú ar an Aontas ag eagraíochtaí meán eile, a chur ar fionraí go práinneach. Ba cheart na bearta sin a choinneáil ar bun go dtí go gcuirfear deireadh le fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus go dtí go n-éireoidh Cónaidhm na Rúise, agus a meáin ghaolmhara, as gníomhaíochtaí bolscaireachta a dhéanamh i gcoinne an Aontais agus a Bhallstát.

(9) I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17, faoi seach, ní chuireann na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo cosc ar na heagraíochtaí meán lena mbaineann ná ar a bhfoireann gníomhaíochtaí eile a dhéanamh san Aontas taobh amuigh de chraoltóireacht, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, leis na bearta sin, ní dhéantar aon athrú an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, a leagtar amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(10) Beidh gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Beidh feidhm ag an leasú dá dtagraítear sa chéad mhír ón 24 Meitheamh 2024, ar choinníoll go gcinnfidh an Chomhairle amhlaidh d'aon toil, tar éis di cásanna na n-eintiteas a leagtar amach sa leasú sin faoi seach a scrúdú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES:

'Voice of Europe

RIA Novosti

Izvestija

Rossiiskaja Gazeta'.

PUBLIC